Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11075 – EBERT HERA ESSER HOLDING / SERVICECO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 136/04)

1. An 4 Aibreán 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Ebert HERA Esser Holding GmbH ("Ebert HERA", an Ghearmáin),

— ServiceCo (an Ísiltír).

Gheobhaidh Ebert HERA, trí EHE Dutch Holding B.V., rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar ServiceCo ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn Ebert HERA seirbhísí conarthacha tionsclaíocha agus meicniúla, de chineál "oibrí láimhe" agus le haghaidh athfhorbraíochta, do thionscail throma amhail gléasraí ceimiceán, gléasraí cógaisíochta, gléasraí peitriceimiceán agus scaglanna sna tíortha Benelux agus sa Ghearmáin,

— Déanfaidh ServiceCo seirbhísí innealtóireachta, soláthair, conraitheoireachta agus cothabhála a sholáthar do ghléasraí ceimiceán atá ann cheana féin agus a fhaigheann a gcuid soláthairtí faoi láthair ó Sitech Manufacturing Services C.V., Sitech Services B.V. agus a chuideachtaí cleamhnaithe ("Sitech") sa pháirc Chemelot Campus in Geleen na hÍsiltíre. Toradh ar athstruchtúrú a rinneadh roimhe seo ar Sitech a bheidh i ServiceCo.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11075 – EBERT HERA ESSER HOLDING / SERVICECO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË